## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus féadfar glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'eolas fíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.
C.1, 2, 6: 8 @ 1 mharc an ceann
C.3, 4, 5, 7, 8, 9, 12: 4 @ 2 mharc an ceann
C.10: 6 @ 1 mharc an ceann (ii) 1 + 1 mharc
C.11: 3 @ 2 mharc an ceann (iv) 1 + 1 mharc
Gan grádú ar bith.

C.1
C Plútónach
A Bolcánach
D Plútónach
B Bolcánach

C.2
C Creimeadh
A Creimeadh
D Sil-leagan
B Creimeadh

C.3
(i) Bréagach
(ii) Fíor
(iii) Bréagach
(iv) Bréagach

C.4
(i) Bréagach
(ii) Fíor
(iii) Bréagach
(iv) Bréagach

C.5
(i) Dibhéirseach/Déanmhasach
(ii) Droim Aigéin, Droim Lár-Aigéin
(iii) Aon bhruthcharraig easbhrúite bhailí m.sh. Basalt
(iv) An tAstanaisféar

C.6
(i) D Sleabhcadh rothlach
A Ithirthéaltú
B Sciorradh talún
C Láibshreabhadh
(ii) Domhantarraingt, fána, fásra, deascadh, an cion uisce, etc.

(iii) Dhá shampla bhailí ar bith

Q.7
(i) 6.1 – 6.4 km
(ii) 6 - 8 $km^2$
(iii) Aon ráiteas bailí
(iv) Aon speiceas bailí ainmnithe

C.8
(i) V 909-911 711-713
(ii) Ó dheas nó Ó dheas Siar ó Dheas
(iii) N71
(iv) Aon ráiteas bailí

C.9
(i) N71
(ii) Slí Uíbh Ráthach
(iii) An Coimín Buí, (Cummeenboy)
(iv) 395 - 405m

C.10
(i) F Draenáil treilíse
B Fána réidh
C Draenáil chraobhach
A Fána chuasach
D Droimníní
E Lúb lúblocha

(ii) Aon mhíniúchán bailí

C.11
(i) 5,371 (heicteár)
(ii) 4,352 heicteár
(iii) Méadú/ardú etc.
(iv) Aon mhíniúchán bailí

C.12
D Deilt
B Mianadóireacht dromchla
A Stoirm dheannaigh
C Dóiteán foraoise

**CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC**

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

### Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**


**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

### A. Tírdhreacha Carstacha




Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F**.
(ii) Ainmnigh **dhá** phróiseas ar bith sa síonchaitheamh ceimiceach.
(iii) Luaigh cad is brí leis an téarma *carraig thréscaoilteach* agus ainmnigh sampla de carraig thréscaoilteach.

**[20m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | A | Gríog | 2 mharc |
| | B | Clint | 2 mharc |
| | C | Poll Slogaide | 2 mharc |
| | D | Aolchuisne | 2 mharc |
| | E | Aolchoinneal | 2 mharc |
| | F | Colún | 2 mharc |

| | | |
|---|---|---|
| (ii) | Dhá phróiseas bhailí ar bith | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Aon ráiteas bailí & sampla | 2 + 2 mharc |

**B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag **próisis an chreimthe** ar fhoirmiú tírghné abhann, cósta nó oighreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Próisis an chreimthe ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Tírghné chreimthe ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 12 x PSÁ |

- Caithfear scrúdú a dhéanamh ar gach próiseas breise le tagairt don fhoirmiú.
- Tá an cheist bunaithe ar an tionchar a bhíonn ag próisis an chreimthe ar fhoirmiú na tírghné.
- Ceadaigh 1 x PSÁ as sampla ainmnithe de thírghné.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura ndéantar ach cur síos ar an tírghné gan aon tagairt do thionchar phróisis an chreimthe ar an bhfoirmiú.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

**Nó**

(ii) Déan cur síos, agus tabhair míniú, **ar na tosca a rialaíonn oibriú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Próisis ollghluaiseachta ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 12 x PSÁ |

- Tá míniúchán/cur síos de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ollghluaiseacht gan aon tagairt do thosca a rialaíonn a oibríocht.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla den phróiseas ollghluaiseachta ainmnithe.

## C. Gníomhaíocht Theicteonach – Forbairt Thírdhreach na hÉireann

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht theicteonach ar fhorbairt thírdhreach na hÉireann.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht theicteonach aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú gníomhaíocht theicteonach a aithint do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí Éireannacha ainmnithe.
- Baineann an cheist le hÉirinn.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as cur síos ar thírdhreach ábhartha gan aon tagairt do ghníomhaíocht theicteonach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as scrúdú ar ghníomhaíocht theicteonach gan aon tagairt do thírdhreach na hÉireann.

## Ceist 2

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Conair iomlán an tsiúlbhealaigh le comharthaí ar a dtugtar 'Slí Bhéara' (*Béara Way*), a thaispeántar ar an léarscáil
- Achar iomlán na foraoise buaircíní ag V 85 72
- Achar iomlán an talaimh os cionn 300 méadar ag *Letter South*
- Achar iomlán na coda sin den Ribhéar (*Kenmare River*) a thaispeántar ar an léarscáil.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile: | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- ➢ Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- ➢ Leathscála a chiallaíonn imlíne na sracléarscáile. 9cm x 12cm an méid a theastaíonn ach ceadaigh difríocht de 0.5cm ar gach taobh.
- ➢ Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.

**B. Carraigeacha Dríodair**

Mínigh foirmiú carraigeacha dríodair agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Samplaí Éireannacha de charraigeacha dríodair | 2 + 2 mharc |
| Míniúchán ar an bhfoirmiú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as 2 láthair Éireannacha ábhartha a ainmnítear do 2 x PSÁ ón míniúchán. Ní mór an láthair a nascadh le carraig ainmnithe.
- Mura ndéantar ach cur síos ar charraigeacha dríodair gan aon tagairt don fhoirmiú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní gá go mbeadh an míniúchán teoranta don dá charraig ainmnithe. Glacfar le cuntas ginearálta ar fhoirmiú carraigeacha dríodair.
- Is é foirmiú carraigeacha dríodair bunphointe na ceiste.

**C. Iseastatacht**

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag an iseastatacht ar thírdhreach na hÉireann.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar a aithint do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as dhá shampla Éireannacha a ainmnítear do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Glac le gnéithe d'éiritheacht cósta agus gnéithe athnuachana.
- Baineann an cheist le hÉirinn.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an iseastatacht gan aon tagairt don tionchar ar thírdhreach na hÉireann: 2 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 3

### A. Oighriú




Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F**.

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí le *próiseas dobharoighreach*.

(iii) Ainmnigh **dhá** thírghné dhobharoighreacha ar bith.

**[20m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | **A** | Droimnín | 2 mharc |
| | **B** | Críochmhoiréan | 2 mharc |
| | **C** | Sprémhá | 2 mharc |
| | **D** | Eiscir | 2 mharc |
| | **E** | Citeal | 2 mharc |
| | **F** | Céama | 2 mharc |

| | | |
|---|---|---|
| (ii) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (iii) | **Dhá** thírghné bhailí ar bith | 2 + 2 mharc |

**B. Forbairt Tírghnéithe**

Mínigh an tionchar a bhíonn ag ceann **amháin** díobh seo a leanas ar fhorbairt tírghnéithe:

- Filleadh
- Éascadh.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné aitheanta | 2 mharc |
| Míniúchán | 14 x PSÁ |

- ➢ Tugtar creidiúint as an 2ú tríghné a aithint do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- ➢ Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí.
- ➢ Tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- ➢ Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- ➢ Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- ➢ Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- ➢ Mura ndéantar ach cur síos ar fhilleadh/éascadh gan aon tagairt don fhorbairt tírghné: 2 x PSÁ ar a mhéad.

**C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**

Scrúdaigh conas a idirghníomhaíonn daoine le timthriall na gcarraigeacha, agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú | 15 x PSÁ |

- ➢ Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí ón scrúdú.
- ➢ Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- ➢ Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- ➢ Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- ➢ Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- ➢ Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

### A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas:

- Gné rilífe ainmnithe
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Bóthar nó nasc iarnróid ainmnithe
- Abhainn ainmnithe.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Léarscáil imchrutha | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0) |
| | Ainmnithe 2 mharc |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith is cuma faoin méid.
- Mura dtaispeántar gnéithe nó má thaispeántar go míchruinn iad féadfar marcanna a thabhairt as ainmniú.

**B. Meath na Tionsclaíochta**

Agus tagairt agat do réigiú(i)n ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu, scrúdaigh na cúiseanna le meath na tionsclaíochta agus na hiarmhairtí a bhaineann leis.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cúis aitheanta | 2 mharc |
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú cúis a aithint do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile chúis sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar a aithint do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla a thabhairt de thionscal a bhfuil meath air.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc
- Mura ndéantar ach scrúdú ar chúiseanna nó ar thionchar = 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

**C. Gníomhaíocht Threasach in Éirinn**

Tabhair cuntas ar fhorbairt cúrsaí iompair **nó** turasóireachta i réigiún ar bith in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú | 15 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hEorpa ná le Réigiún Ilchríochach/ Fo-ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí Éireannacha.
- Tugtar creidiúint as tosca a mbíonn tionchar acu ar forbairt an iompair **nó** na turasóireachta do 2 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thoisc sa bhreis orthu sin.
- Mura ndéantar ach cur síos ar iompar **nó** ar thurasóireacht gan aon chuntas maidir lena fhorbairt: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.

## Ceist 5

### A. Easpórtálacha Bhia Mara na hÉireann




Bain úsáid as an t-eolas sa phíchairt thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an **dá** bhallstáit san Aontas Eorpach (AE) is mó ar easpórtáil Éire bia mara chucu in 2012.

(ii) Ainmnigh an **dá** réigiún/thír is lú ar easpórtáil Éire bia mara chucu in 2012.

(iii) Ríomh an céatadán **iomlán** d'easpórtálacha bia mara go réigiún/tíortha taobh amuigh den AE in 2012.

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** dúshlán roimh thionscal iascaireachta na hÉireann.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | An Fhrainc & An Ríocht Aontaithe | 2 + 2 mharc |
| (ii) | An Rúis & Tíortha eile taobh amuigh den AE | 2 + 2 mharc |
| (iii) | 30 (%) | 4 mharc |
| (iv) | Dhá dhúshlán bhailí ar bith mínithe @ 4 mharc an ceann | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |

## B. An Déantúsaíocht i Réigiún san Eoraip

Tabhair cuntas ar fhorbairt na déantúsaíochta i réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

Scrúdú 15 x PSÁ

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún Eorpach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Ceadaítear 2 x PSÁ as samplaí déantúsaíochta ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as tosca a mbíonn tionchar acu ar forbairt na déantúsaíochta do 2 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thoisc sa bhreis orthu sin.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Mura ndéantar ach cur síos ar dhéantúsaíocht gan aon tagairt d'fhorbairt: 2 x PSÁ ar a mhéad.

## C. Dinimic na Réigiún – Próisis Dhaonna

| | | |
|---|---|---|
| Dinimic dhaonra | Teanga | Creideamh |
| Forbairt uirbeach | Forbairt na tuaithe | |

Scrúdaigh an tionchar atá ag **dhá** cheann ar bith de na próisis dhaonna sa tábla thuas ar fhorbairt réigiún **Ilchríochach** / **Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

Próiseas 1
Tionchar aitheanta 2 mharc
Scrúdú 7 x PSÁ


Próiseas 2
Tionchar aitheanta 2 mharc
Scrúdú 6 x PSÁ


- Ná glactar le réigiún de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar plé ach ar phróiseas amháin = 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí sonracha de phróisis dhaonna.
- Glac le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

## Ceist 6

### A. Éire - Dinimic Daonra


Éire – Inimirce agus Eisimirce (mílte)




Náisiúnaigh Éireannacha ba ea 49.7% den 81,900 duine a chuaigh ar eisimirce.

Curtha in oiriúint ó *The Irish Times*, 26 Lúnasa, 2014




Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann eolas mar gheall ar an inimirce go hÉirinn agus an eisimirce as Éirinn, ina mílte, sa 12 mhí go dtí Aibreán 2014, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad duine a tháinig ar inimirce go hÉirinn as Ceanada agus cé mhéad duine a chuaigh ar eisimirce go Ceanada as Éirinn?

(ii) Cé mhéad imirceach a tháinig as 'An gCuid eile den Domhan'?
Ainmnigh sampla **amháin** de thír sa limistéar sin.

(iii) Cén céatadán den 81,900 duine a chuaigh ar eisimirce as Éirinn nár Náisiúnaigh Éireannacha iad?
Luaigh cúis **amháin** an ndeachaigh siad ar eisimirce as Éirinn.

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** shlí a mbíonn tionchar dearfach ag an inimirce ar Éirinn.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 1200 & 4700 | 2 + 2 mharc |
| (ii) | 22 400 & sampla bailí | 2 + 2 mharc |
| (iii) | 50.3(%) agus aon ráiteas bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Dhá mhíniúchán bhailí ar bith | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |

**B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach**

Scrúdaigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tá scrúdú le déanamh ar an uile thoisc sa bhreis ar orthu sin.
- Ná glactar le réigiún de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Ná glac le scrúdú ar níos mó ná aon ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil amháin (talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht nó mianadóireacht).
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as samplaí sonracha de ghníomhaíocht phríomhúil.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht gheilleagrach: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Glac le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.

**C. Dinimic na Réigiún – Aeráid**

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na dúshláin roimh réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air mar thoradh ar aeráid an réigiúin sin.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dúshláin aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 13 x PSÁ |

- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ón gcur síos/míniú as tagairt do ghníomhaíochtaí atá faoi dhúshlán ón aeráid.
- Mura ndéantar ach cur síos/míniúchán a thabhairt ar an aeráid – 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

### A. Forbairt Gníomhaíochtaí Geilleagracha sa Todhchaí

**Na Meáin Shóisialta agus an Ríomhthráchtáil – Gnóthais na hÉireann, 2014**

In 2014, bain 61% de ghnóthais na hÉireann úsáid as meán sóisialta de chineál éigin – Facebook, Twitter nó YouTube, mar shampla – i gcomparáid le 36% ar an meán san AE-28 (Eurostat). Ó thaobh gnóthais ag baint úsáide as meáin shóisialta de, tá Éire sa dara háit san AE-28. Sa tríú háit a bhí Éire in 2013. Ag Málta a bhí an céatadán ab airde gnóthas a bhain úsáid as meáin shóisialta, i.e. 66%.

Ba iad na líonraí sóisialta an phríomhshlí ar baineadh úsáid as meáin shóisialta; mar shampla, luaigh 58% de ghnóthais na hÉireann gur úsáid siad líonraí sóisialta mar Facebook. I gcomparáid leis sin, bhain 46% de ghnóthais na hÉireann úsáid as líonraí sóisialta in 2013.

Bhí díolacháin ríomhthráchtála ag 49% de na gnóthais mhóra, agus rinne 69% de na gnóthais mhóra ceannacháin ríomhthráchtála.

Curtha in oiriúint ó *Information Society Statistics*, an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014

Léigh an sliocht thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh **dhá** chineál meán sóisialta a luaitear sa sliocht thuas.
(ii) Cé mhéad céatadán chun cinn ar mheán an AE-28 in úsáid na meán sóisialta a bhí gnóthais na hÉireann?
(iii) Cén áit a bhí ag Éirinn san AE-28 i dtaca le húsáid na meán sóisialta de in 2014 agus cén tír san AE-28 a bhí chun tosaigh ar Éirinn i dtaca le húsáid na meán sóisialta de?
(iv) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *ríomhthráchtáil*.
(v) Luaigh **dhá** bhuntáiste don gníomhaíocht gheilleagrach a bhaineann le forbairtí leithéid na meán sóisialta agus na ríomhthráchtála.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Facebook/Twitter/YouTube | 2 + 2 mharc |
| (ii) | 25(%) | 4 mharc |
| (iii) | 2ú háit & Málta | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Dhá bhuntáiste bhailí ar bith luaite | 2 + 2 mharc |

## B. Tionchar ar an gComhshaol

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí geilleagracha ar an gcomhshaol ar scála áitiúil agus ar scála domhanda.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an gcomhshaol áitiúil aitheanta | 2 mharc |
| Tionchar ar an gcomhshaol domhanda aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Mura ndéantar scrúdú ach ar an tionchar ar an gcomhshaol áitiúil: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar an tionchar ar an gcomhshaol domhanda: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar ar an gcomhshaol áitiúil a aithint agus as an 2ú tionchar ar an gcomhshaol domhanda a aithint do 1 x PSÁ an ceann. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Plé ar thionchar eacnamaíochta amháin gan aon tagairt don tionchar ar an gcomhshaol = 0 marc.
- Féadfaidh an tionchar a bheith dearfach nó diúltach.

## C. Coilíneachas

Scrúdaigh tionchar an choilíneachais ar gheilleagar i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar a aithint do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar ainmnithe i mbéal forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an gcoilíneachas gan aon tagairt don tionchar ar an ngeilleagar i mbéal forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar gheilleagar i mbéal forbartha gan aon tagairt don choilíneachas: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh an tionchar a bheith dearfach nó diúltach.

## Ceist 8

### A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an léarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- Carrchlós
- An líonra triantánach sráideanna i lár an aerfótagraif
- Foirgneamh mór tráchtála/tionsclaíochta i dtulra an aerfótagraif
- Limistéar de gharbhlach a bheadh oiriúnach lena fhorbairt.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile: | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Lipéad 1 mharc |

- ➢ Ciallaíonn imlíne na sracléarscáile leath den fhad agus leath den leithead.
- ➢ Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó go ndéantar cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- ➢ Is iad na toisí a theastaíonn ná 14.2 cm faoi 9.25 cm ach ceadaigh difríocht de 0.5 cm ar gach taobh.
- ➢ Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad aerfótagraf = 0 marc.

**B. Soghluaiseacht Gníomhaíochtaí Geilleagracha**

Scrúdaigh soghluaiseacht gníomhaíochtaí geilleagracha nua-aimseartha agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Plé nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar chuideachta ilnáisiúnta gan scrúdú a dhéanamh ar shoghluaisteacht gníomhaíochtaí geilleagracha nua-aimseartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní gá don chuideachta ilnáisiúnta a bheith bunaithe in Éirinn.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá láthair ainmnithe.

**C. Forbairt Inbhuanaithe**

Scrúdaigh an ról atá ag an bhforbairt inbhuanaithe i rialú an tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí geilleagracha ar an gcomhshaol.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú | 15 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as dhá shampla d'fhorbairt inbhuanaithe a aithint ón scrúdú do 2 x PSÁ.
- Plé ar fhorbairt inbhuanaithe nach bhfuil tagairt ann don tionchar ar an gcomhshaol: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé faoin tionchar ar an gcomhshaol nach bhfuil tagairt ann d'fhorbairt inbhuanaithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 9

### A. An Timpeallacht

Iomlán na Dramhaíola a Chruthaigh Teaghlaigh agus Gnólachtaí
i dTíortha Roghnaithe san AE, 2004 and 2012 (na milliúin tonna)

| Bliain | 2004 | 2012 |
|---|---|---|
| Éire | 24.5 | 20.0 |
| An Danmhairg | 12.5 | 16.0 |
| Poblacht na Seice | 29.0 | 23.0 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann iomlán na dramhaíola a chruthaigh teaghlaigh agus gnólachtaí i dtíortha roghnaithe san AE in 2004 agus 2012.

**[20m]**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | **Barrachairt etc.** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 mharc (Ciorcal agus an lárphointe go cruinn ann) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír léirithe | 2 mharc an ceann, grádaithe | 2 mharc an ceann, grádaithe |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú.
- Ní mór tagairt éigin a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngrafpháipéar.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Le haghaidh na Barrachairte etc., ní mór an dá ais a bheith breactha i gceart le haghaidh 1 mharc + 1 mharc.
- Cuir an 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.
- Ba cheart an graf a bheith anótáilte chun faisnéis maidir le 2004 & 2012 agus na tíortha ainmnithe a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a ngearrtar táille de ghnáth ar dhiúscairt dramhaíola.

Aon mhíniúchán bailí 2 + 2 mharc

**B.** **Suíomh na Gníomhaíochta Geilleagraí**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis a bhféadfadh sé a bheith deacair cuideachtaí móra ón iasacht a mhealladh go dtí an limistéar ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.
Úsáid fianaise as léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis mar thacaíocht le gach cúis acu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Trí chúis | @ 10 marc an ceann |
| I gcás gach cúise: | |
| Cúis luaite | 2 mharc |
| Tagairt / fianaise léarscáile | 2 mharc |
| Míniúchán | 3 x PSÁ |

- Caithfidh an fhianaise ón léarscáil a bheith sonrach, i.e. tagairt eangaí nó aibhneacha ainmnithe, príomhairde etc.
- Sa chás gur bunaithe ar an aerfótagraf a bhíonn an freagra, ní cheadaítear ach marcanna i leith na cúise a lua.
- Má phléitear níos mó ná trí chúis marcáil iad ar fad agus bronn na trí mharc is airde.

**C.** **Polasaithe an Aontais Eorpaigh**

Scrúdaigh an tionchar atá ag polasaithe an Aontais Eorpaigh ar fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla in Éirinn.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an ngníomhaíocht phríomhúil aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar a aithint do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as polasaí ainmnithe amháin ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar agus pholasaí sa bhreis orthu sin.
- Is é an tionchar atá ag polasaí AE ar ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil in Éirinn bunphointe na ceiste, plé nach bhfuil aon tagairt ann dó seo: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do pholasaí an Aontais Eorpaigh: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le tuairimí dearfacha agus diúltacha araon sa scrúdú.

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas mar is ceart:

- An líonra triantánach sráideanna i lár an aerfótagraif
- **Trí** mhodh **dhifriúla** is féidir a fheiceáil ar an aerfótagraf chun an trácht a bhainistiú.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile: | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Lipéad 1 mharc |

- Leath den fhad agus leath den leithead a chiallaíonn imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó go ndéantar cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ceadaigh marcanna as lipéadú amháin.
- Is iad na toisí a theastaíonn ná 14.2 cm faoi 9.25 cm ach ceadaigh difríocht de 0.5 cm ar gach taobh.
- Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad aerfótagraf = 0 marc.

**B. Fadhbanna Uirbeacha**

Pléigh an tslí a bhféadfadh **dhá** cheann ar bith de na fadhbanna a leanas a theacht chun cinn mar gheall ar fhás lárionad uirbeach, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Plódú tráchta
- Meathlú uirbeach
- Sraoilleáil uirbeach.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla de lárionad uirbeach | 2 mharc |
| Plé ar fhadhb 1 | 7 x PSÁ |
| Plé ar fhadhb 2 | 7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla de lárionad uirbeach do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Féadfaidh lárionad uirbeach a bheith ina chathair, ina chuid ar leith de chathair ainmnithe nó ina bhaile.
- Mura ndéantar ach cur síos ar fhadhb gan aon tagairt d'fhás na n-ionad uirbeach: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad ón bplé as na reitigh.

**C. Ródhaonra**

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na cúiseanna leis an ródhaonra agus ar na hiarmhairtí a bhaineann leis, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cúis saitheanta | 2 mharc |
| Iarmhairt aitheanta | 2 mharc |
| Samplaí | 2 + 2 mharc |
| Cur síos/míniú | 11 x PSÁ |

- Tá scrúdú le déanamh ar an uile chúis agus iarmhairt sa bhreis ar orthu sin.
- Mura ndéantar ach cur síos/míniúchán a thabhairt ar na cúiseanna le ródhaonra: 6 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos/míniúchán a thabhairt ar an iarmhairt atá le ródhaonra: 6 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 11

### A. Dinimic Daonra

Rátaí Breithe agus Báis in Éirinn in aghaidh an 1000 duine

| Bliain | Ráta Breithe | Ráta Báis |
|---|---|---|
| 1950 | 21.5 | 13.0 |
| 1990 | 15.0 | 9.0 |
| 2013 | 15.0 | 6.5 |

Curtha in oiriúint ó CSO

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann rátaí breithe agus báis in Éirinn in 1950, 1990 agus 2013.

**[20m]**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | **Barrachairt etc.** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 mharc (Ciorcal a bhfuil an lárphointe go cruinn ann) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír léirithe | 2 mharc an ceann, grádaithe | 2 mharc an ceann, grádaithe |

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú.
- Ní mór tagairt éigin a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngrafpháipéar.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán
- Le haghaidh na Barrachairte etc., ní mór an dá ais a bheith breactha i gceart le haghaidh 1 mharc + 1 mharc.
- Cuir an 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.
- Ba cheart an graf a bheith anótáilte chun faisnéis maidir le rátaí Breithe & Báis a léiriú agus na blianta.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** ar tháinig meath ar rátaí breithe in Éirinn idir 1950 agus 2013.

Aon mhíniúchán bailí 2 + 2 mharc

## B. Lonnaíocht Uirbeach

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

'Bhí ról tábhachtach ag cúrsaí iompair agus ag na ródbhealaí i bhfás agus i bhforbairt bhaile Neidín (*Kenmare*) riamh anall, agus tá go fóill sa lá atá inniu ann.'

Pléigh an ráiteas seo agus bíodh fianaise ó léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agat mar thacaíocht le do fhreagra.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Fianaise ón léarscáil | 2 mharc |
| Plé | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as dhá mhodh iompair/ródbhealaí do 2 x PSÁ ón bplé.
- Tugtar creidiúint as tuilleadh fianaise léarscáile do 2 x PSÁ ón bplé.
- Caithfidh an fhianaise ón léarscáil a bheith sonrach, i.e. tagairt eangaí nó aibhneacha ainmnithe, príomhairdí etc.
- Sa chás gur bunaithe ar an Aerfótagraf a bhíonn an freagra, ná ceadaítear ach marcanna as modhanna iompair a shonrú.

## C. Imirce

Scrúdaigh tionchar na himirce ar chathair i dtír i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla de chathair i dtír i mbéal forbartha | 2 mharc |
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar a aithint do 1 x PSÁ. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.

## Ceist 12

### A. Daonra




Scrúdaigh na pirimidí daonra thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán de na fireannaigh i bPirimid A atá san aoisghrúpa 40-44 agus cén céatadán de na baineannaigh i bPirimid B atá san aoisghrúpa 25-29?

(ii) Cé acu limistéar is faide ina maireann daoine, an limistéar a seasann Pirimid A dó nó an limistéar a seasann Pirimid B dó?
Agus tagairt agat do struchtúr na pirimide sin, tabhair píosa **amháin** fianaise mar thacaíocht le do fhreagra.

(iii) Cé acu pirimid, A nó B, a sheasann do gheilleagar i mbéal forbartha?
Ainmnigh sampla de gheilleagar i mbéal forbartha.

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** dúshlán roimh gheilleagar a bhfuil pirimid daonra aige atá cosúil le Pirimid B.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 2 & 3 (%) | 2 + 2 mharc |
| (ii) | Pirimid B & aon phíosa bailí fianaise | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Pirimid A & aon sampla ainmnithe bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Dhá dhúshlán bhailí ar bith mínithe | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |

## B. Pleanáil Uirbeach

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag straitéisí pleanála uirbí agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar ainmnithe a aithint do 1 x PSÁ. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do straitéisí pleanála uirbí: 2 PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as an 2ú sampla do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad as cur síos ar straitéisí pleanála uirbí gan tagairt dá dtionchar.

## C. Céimeanna den Lonnaíocht Stairiúil

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh **trí** chéim **dhifriúla** den lonnaíocht stairiúil atá le feiceáil ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.

(ii) Ainmnigh agus tabhair suíomh, agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat, samplaí de gach ceann de na **trí** céimeanna den lonnaíocht stairiúil a ainmníodh thuas.

(iii) Mínigh go hachomair gach ceann de na **trí** céimeanna den lonnaíocht stairiúil a ainmníodh thuas.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| (i) Trí chéim stairiúla ainmnithe | 2 + 2 + 2 mharc |
| (ii) Samplaí de gach céim ainmnithe | 2 + 2 + 2 mharc |
| Suíomh/tagairt eangaí le haghaidh gach sampla | 2 + 2 + 2 mharc |
| (iii) Míniúchán ar gach céim @ 4 mharc an ceann | 3 @ (2 + 2 mharc) |

## ROINN 3 – ROGHAONAID

**Ceist 13 go 24**

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**Ceist 13 - 24**

**Scéim Mharcála Imlíne agus tuairiscíní marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta**

**Scéim Mharcála Imlíne:**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

**Tuairiscíní Marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta:**

Agus marcanna á mbronnadh as Comhleanúnachas Ginearálta, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh agus leanfaidh sé nó sí na tuairiscíní marcála a leanas:

| ***Comhleanúnachas Ginearálta (20 marc)** | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | **20** | Freagra cuimsitheach sármhaith ina léirítear mioneolas ar an ábhar. Cumas den scoth chun eolas a cheangal leis an gceist. |
| An-mhaith | **17** | Freagra an-mhaith. Eolas an-fhairsing ar an ábhar curtha in iúl. Cumas maith chun eolas a cheangal leis an gceist. |
| Go Maith | **14** | Freagra maith ina dtugtar faisnéis fhónta. Eolas fairsing ar an ábhar. Cumas réasúnta chun eolas a cheangal go cuí leis an gceist. |
| Measartha | **10** | Buntuiscint ar an ábhar; clúdaítear na príomhphointí ach ní thugtar ach sonraí teoranta. Iarracht éigin déanta chun eolas a cheangal leis an gceist ach ní léirítear ach buntuiscint. |
| Lag | **6** | Faisnéis ábhartha ach teoranta aitheanta agus tá iarracht éigin déanta chun aghaidh a thabhairt ar an gceist. |
| Olc | **0** | Míthuiscint ghinearálta ar an gceist. Níor freagraíodh an cheist a cuireadh agus tá an freagra neamhábhartha ar an mórgóir dá bharr. |

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** 'Mairimid i ngeilleagar idirspleách domhanda. Imríonn bearta nó cinntí a dhéantar i réimse amháin tionchar ar réimse eile.'
Scrúdaigh an ráiteas sin agus tagairt agat do gach ceann díobh seo a leanas:

- Dídeanaithe eacnamaíocha agus polaitiúla
- Patrúin imirce
- Ceisteanna i gcearta daonna.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é an tionchar a bhíonn ag bearta agus ag cinntí a dhéantar i réimse amháin ar réimse eile bunphointe na ceiste.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**14.** 'Bealach chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumhachtú daoine.'
Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do chláir chúnaimh.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste cláir chúnaimh a bheith ag cumhachtú daoine agus ag nascadh fás geilleagrach le forbairt dhaonna.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach agus/nó dearfach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**15.** Pléigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gCóirthrádáil ar fhorbairt dhaonna agus ar fhorbairt gheilleagrach.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tionchar atá ag gCóirthrádáil ar fhorbairt dhaonna agus ar fhorbairt gheilleagrach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag ábhar mianraí, aer, uisce, agus ábhar orgánach ar fhorbairt na hithreach.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste a tionchar a bhíonn ag comhpháirteanna liostaithe na hithreach ar fhorbairt ithreach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**17.** Pléigh tionchar ghníomhaíocht an duine ar an ithir.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tionchar diúltach agus/nó dearfach atá ag gníomhaíocht an duine ar ithreacha.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**18.** Agus tú ag tagairt do bhithóm **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air, scrúdaigh na bealaí a bhfuil plandaí agus ainmhithe tar éis iad féin a chur in oiriúint do thosca aeráide agus ithreach **ar leith**.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste ná na bealaí a bhfuil plandaí tar éis iad féin a chur in oiriúint do thosca sonracha aeráide agus ithreach agus na bealaí a bhfuil ainmhithe tar éis iad féin a chur in oiriúint do thosca sonracha aeráide agus ithreach.
- Caithfidh fianaise a bheith ann ar nasc idir na bealaí a bhfuil plandaí agus ainmhithe tar éis iad féin a chur in oiriúint do thosca aeráide agus ithreach ar leith. San áit a bhfuil plé ar oiriúnú do thréithe eile, e.g. fásra, ní mór nasc soiléir a bheith ann idir an plé agus tosca aeráide agus ithreach, nó is é sin bunphointe na ceiste.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh tionchar an choilíneachais agus na himirce ar phatrúin eitneacha/chine.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste tionchar an choilíneachais agus na himirce ar phatrúin eitneacha/chine.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**20.** 'Tá an iliomad tosca cultúir, ar a n-áirítear náisiúntacht, teanga agus creideamh, ag gabháil leis an ionannas mar choincheap.'
Pléigh é sin.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste na tosca cultúir a mbíonn tionchar acu ar an ionannas.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**21.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag teorainneacha polaitiúla agus/nó fisiceacha ar ghrúpaí cultúir.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tionchar atá ag teorainneacha ar ghrúpaí cultúir.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Mínigh na cúiseanna le saintréithe cineál **amháin** d'aeráid dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste na saintréithe faoi leith atá ag cineál aeráide amháin.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**23.** Scrúdaigh conas a athraítear agus a dháiltear fuinneamh na gréine trí phatrúin chúrsaíochta san atmaisféar agus sna haigéin.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste conas a bhogann na gaotha agus feachta na n-aigéan fuinneamh na gréine thart.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**24.** Scrúdaigh foirmiú lagrach sna domhanleithid láir agus frithchioclón, agus na patrúin aimsire a bhaineann leo.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste foirmiú lagrach sna domhanleithid láir agus frithchioclón, agus an aimsir a bhaineann leo.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## FIOSRÚCHÁN TÍREOLAÍOCHTA

Ní ghlactar le ráitis shimplí. Cáilíocht ag teastáil.

**1. RÉAMHRÁ** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc |

- Ní mór baint a bheith ag na haidhmeanna leis an imscrúdú agus ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.

**2. PLEANÁIL** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc |

- Eolas riachtanach agus modhanna bailithe a aithint.
- Ní mór tagairt shonrach a dhéanamh d'athbhreithniú.
- Ní mór gach ráiteas a bheith cáilithe e.g. trealamh cleachtaidh cá háit/conas/cén fáth?
- Obair a dhéanann an múinteoir ina (h)aonar = 0 marc

**3. BAILIÚ EOLAIS** (40 marc):

Dhá mhodh / thasc @ 20 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach modha / taisc: | 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Caithfidh cuid an bhailiúcháin a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht. Pléitear le tuairisciú/cur síos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh sa chuid seo.
- Is féidir glacadh mar mhodh le tasc arb ionann é agus grúpa de ghníomhaíochtaí cónasctha a bhaineann le hábhar. Ní mór tascanna/modhanna a thuairisciú i gcomhthéacs na n-aidhmeanna luaite.
- Is féidir le foinsí tánaisteacha faisnéise sonraí príomhúla a chruthú.
- Ní leor ráitis shimplí e.g. Chonaic mé, Thaifead mé, Sceitseáil mé, Thomhais mé, Ghlac mé grianghraf etc. Ní mór an ráiteas a cháiliú ar bhealach éigin m.sh. conas/cá háit?
- Is féidir creidiúint a thabhairt as léaráidí/sracléaráidí má léiríonn siad gníomhaíocht an bhailithe. PSÁ amháin in aghaidh an taisc/mhodha as sracléaráidí/léaráidí anótáilte atá tarraingthe go maith, néata, ábhartha agus atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus a léiríonn próiseas an bhailithe.
- Féadfar PSÁ amháin eile in aghaidh an taisc/mhodha a bhronnadh i gcás ina bhfuil faisnéis bhreise ar shracléaráid (nach bhfuil sa chuid scríofa).
- Ní mór sracléaráidí/léaráidí a bheith ar na leathanaigh oiriúnacha i gcuid an bhailithe.

- Ná tugtar marcanna as torthaí sa chuid scríofa seo.
- Is marc foriomlán é comhleanúnachas a bhronntar as ábharthacht na hoibre sa chuid seo leis na haidhmeanna luaite.

## 4. TORTHAÍ, TÁTAIL, LUACHÁIL (30 marc):

Trí theideal @ 8 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach teidil: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 6 mharc ghrádaithe (6/4/2/0) |

- Ná bronntar marcanna as Torthaí / Tátail / Luacháil ach amháin má tá siad sa chuid chuí den leabhrán tuairiscithe.
- Ní mór Torthaí / Tátail / Luacháil a bheith nasctha le haidhmeanna agus nasctha le gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i gcuid an bhailithe faisnéise (Cuid 3).
- Is féidir torthaí a bhaint as cairteacha/táblaí ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí.
- Bunaítear tátail go díreach nó go hindíreach ar na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach mar sin a dhéantar.
- Níl tátail nasctha le toradh sonrach ach caithfidh siad a bheith ábhartha do na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3.
- Ba cheart ard-ord smaointeoireachta a léiriú sna luachálacha agus ba cheart raon téamaí a bheith iontu. Ba cheart go mbeadh baint acu leis na haidhmeanna i gCuid 1 agus leis na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3. Ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.
- Is féidir luacháil a dhéanamh i leith a bhfuil i ndán chomh maith leis an am atá caite.

## 5. EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR NA dTORTHAÍ (20 marc):

| | |
|---|---|
| Cur i láthair: | 8 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar dhá bhealach dhifriúla e.g. graif, cairt, léarscáil, tábla, sracléaráid, etc.
- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí i gCuid 4 den leabhrán tuairiscithe.
- 4 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh mhodh an chur i láthair.
- Is ionann an Comhleanúnachas Ginearálta agus caighdeán agus soiléire an chur i láthair. Faightear 4 mharc as an gcur i láthair foriomlán. Ní féidir marcanna as Comhleanúnachas Ginearálta a bhronnadh mura bhfuil ach modh amháin le feiceáil sa chur i láthair.

## BRISEADH SÍOS AR NA MARCANNA DON CHUR I LÁTHAIR

**BARRACHAIRT / TREOGHRAF / SCAIPGHRAF etc.:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach | 2 mharc |
| Ais amháin agus aonaid nó scála breactha uirthi: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá phointe / bharra tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**PÍCHAIRT:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Ciorcal agus an lárphointe go cruinn ann: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá réimse tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**TÁBLA RANGORDAITHE / TÁBLA:**

**Tábla Ilsraitheanna / Ilcholún**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraitheanna / Colúin x2 lipéadaithe: | 2 x PSÁ = 2 + 2 mharc |

**Tábla le Sraith/Colún Singil**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraith / Colún lipéadaithe: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Faisnéis ábhartha: | 1 x PSÁ = 2 mharc |

**SRACLÉARÁID / LÉARSCÁIL:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Fráma: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Dhá mhír faisnéise a bhaineann le hábhar na dtorthaí: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

# Liosta na dTopaicí d'Fhiosrúchán Tíreolaíochta in 2015

1. Anailís ar an gcoibhneas idir talamhúsáid agus coisithe.

2. Staidéar ar athrú daonra.

3. Truailliú uisce – Staidéar áitiúil.

4. Iniúchadh ar an gcoibhneas idir gníomhaíocht gheilleagrach agus ceantar áitiúil.

5. Fiosrúchán faoi phróiseas geomorfach an chreimthe i dtimpeallacht abhann nó chósta nó oighreach.

6. Scrúdú ar bhainistíocht tráchta i gceantar áitiúil.

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

### Iomlán: 400 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 300. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais | Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|---|---|
| 301 - 303 | 29 | 351 - 353 | 14 |
| 304 - 306 | 28 | 354 - 356 | 13 |
| 307 - 310 | 27 | 357 - 360 | 12 |
| 311 - 313 | 26 | 361 - 363 | 11 |
| 314 - 316 | 25 | 364 - 366 | 10 |
| 317 - 320 | 24 | 367 - 370 | 9 |
| 321 - 323 | 23 | 371 - 373 | 8 |
| 324 - 326 | 22 | 374 - 376 | 7 |
| 327 - 330 | 21 | 377 - 380 | 6 |
| 331 - 333 | 20 | 381 - 383 | 5 |
| 334 - 336 | 19 | 384 - 386 | 4 |
| 337 - 340 | 18 | 387 - 390 | 3 |
| 341 - 343 | 17 | 391 - 393 | 2 |
| 344 - 346 | 16 | 394 - 396 | 1 |
| 347 - 350 | 15 | 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise é.

Tugtar do d'aire: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.

Leathanach Bán